2024.M86T

2024L008G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

Dé Luain 24 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsail dathadóireachta a úsáid **ach amháin** i líníochtaí nó i léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar fad sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir rud ar bith a scríobhfaidh tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | Ceisteanna Spreagtha | 300 marc |
| | • Freagair **gach** ceist. | |

Tá íomhánna le haghaidh na gCeisteanna 1–6 i Roinn A ar **Pháipéar X,** atá ag gabháil leis an scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn B** | Freagraí Fada | 100 marc |
| | • Freagair Ceist 11. | (50 marc) |
| | • Freagair ceist **amháin** as na Ceisteanna 12–16. | (50 marc) |

Is ceadmhach líníochtaí, léaráidí etc. a chur san áireamh, nuair is cuí, sa spás bán ar leathanach 4 i Roinn A, agus ar leathanach 20 agus leathanach 25 i Roinn B.

## Roinn A — Ceisteanna Spreagtha — 300 marc

Freagair na **deich** gceist seo a leanas go léir. Tá tríocha marc ag gabháil le gach ceist.
Féach ar na híomhánna ar **Pháipéar X** mar a threoraítear i gCeist 1-6.

**Ceist 1** **(30 marc)**

Léirítear dia Oilimpeach in Íomhá A agus léirítear bandia Oilimpeach in Íomhá B.

**(a)** Líon isteach an tábla thíos bunaithe ar Íomhá A **agus** ar Íomhá B

| Íomhá | Ainm Gréagach | Ainm Rómhánach | Siombail |
|---|---|---|---|
| A | | Mearcair | |
| B | | | |

**(b)** Cé acu íomhá is fearr leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra bunaithe ar shonraí ó Íomhá A **nó** ó Íomhá B.

**(c)** Mínigh go hachomair an ról a bhí ag dia/bandia **eile** in **aon** téacs a bhfuil staidéar déanta agat air ar do chúrsa.

Ainm an dé / an bhandé:

Ainm an téacs:

Ról an dé / an bhandé sa téacs:

**Ceist 2** **(30 marc)**

In Íomhá C léirítear atógáil de theampall Gréagach.

**(a)** Déan cur síos ar **dhá** ghné ailtireachta **ar bith** a bhaineann leis an teampall in Íomhá C. Féadfaidh tú tacú le do fhreagra le léaráid.

| |
|---|
| Ainm Ghné 1: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |
| Ainm Ghné 2: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |

Spás do Léaráid (Roghnach):

**(b)** Scríobh an freagra ceart in aice le **ceithre** cinn de na fíricí thíos faoin teampall in Íomhá C.

| Fíric | Freagra |
|---|---|
| Ainm an teampaill | |
| An áit a bhfuil an teampall | |
| An duine a choimisiúnaigh tógáil an teampaill | |
| An t-ábhar a úsáideadh leis an teampall a thógáil | |
| Ceann de na déithe a adhradh sa teampall | |
| Féile reiligiúnach a bhaineann leis an teampall | |
| Bliain/ blianta inar tógadh an teampall | |

**(c)** Cén fáth, dar leat, a raibh tábhacht ag baint le teampaill sa tSean-Ghréig **agus/nó** sa Róimh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra agus bíodh tagairt agat do theampall **ar bith.**

**Ceist 3** **(30 marc)**

In Íomhá D léirítear vásphictiúr de Chór i dTraigéide Ghréagach.

**(a)** Céard atá ar siúl ag an gCór in Íomhá D?

**(b)** Cé dóibh a seasann an Cór sa Traigéide Ghréagach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi?

**(c)** Cén chaoi a gcuireann an Cór le heispéireas an lucht féachana den Traigéide Aithneach? Bíodh samplaí agat ón téacs **agus/nó** ón léiriú ar an Traigéide Ghréagach mar thacaíocht le do fhreagra.

**(d)** An gcuireann ról an Chóir sa Traigéide Ghréagach aon tréith, gné nó seift ón tsiamsaíocht inniu i gcuimhne duit? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Ceist 4** **(30 marc)**

In Íomhá E tá atógáil d’Amharclann Dhinísias san Aithin.
In Íomhá F tá fótagraf d’Amharclann Everyman i gCorcaigh.

**(a)** Liostaigh **trí** chosúlacht i ndearadh na n-amharclann in Íomhá E agus in Íomhá F.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(b)** Cén fáth a bhfuil an amharclann fós ina cineál siamsaíochta tóir inniu? Mínigh do fhreagra.

**(c)** Déan cur síos ar radharc as *Méidé* le hEoiripidéas **nó** as *Philoctetes* le Sofaicléas ina n-úsáidtear gléasanna stáitsithe chun tionchar drámatúil an léirithe a mhéadú.

**Ceist 5** **(30 marc)**

In Íomhá G léirítear Odaiséas agus Cailíopsó i radharc as an *Odaisé* le Hóiméar.

**(a)** An aontaionn tú le léiriú an ealaíontóra ar Odaiséas in Íomhá G? Tabhair cúiseanna le do fhreagra bunaithe ar Íomhá G **agus** ar an staidéar a rinne tú ar an *Odaisé*.

**(b)** Mínigh an chaoi a gcabhraíonn Cailíopsó le hOdaiséas san *Odaisé*.

**(c)** Déan cur síos ar radharc **eile** as an *Odaisé* le Hóiméar inar thug carachtar baineann cabhair d'Odaiséas.

**Ceist 6** **(30 marc)**

In Íomhá H, tá téacs as an *Aeinéid* le Veirgil **agus** dealbh de Laocoön lena chuid mac.

**(a)** An dóigh leat gurb é an téacs **nó** an dealbh in Íomhá H is cumhachtaí mar shlí chun an scéal a insint? Mínigh do fhreagra le fianaise ón téacs **nó** ón dealbh in Íomhá H.

**(b)** Mínigh go hachomair cén fáth ar eachtra thábhachtach atá i mbás Laocoön san *Aeinéid*.

**(c)** Tabhair achoimre ar eachtra thábhachtach amháin **eile** a tharlaíonn sa Traí sula bhfágann Aeinéas.

**Ceist 7** **(30 marc)**

Léigh Téacs A **agus** Téacs B. Tógadh an péire acu ón *Aeinéid* le Veirgil.

**Téacs A:** An *Aeinéid*, Leabhar 1.

Ba í dathúlacht an laoich ba thúisce a chuir iontas ar an an Siodónach Díodó, ansin a mhí-ádh ollmhór, agus labhair sí, ag rá: "A mhac le bandia, cén chinniúint atá sna sála ort trí na contúirtí seo ar fad? Cén fórsa a thiomáineann tú chuig na cladaí barbartha seo? An tusa i ndáiríre an Aeinéas sin a rugadh do Véinéas lách agus don Traíoch Anchises?"

**Téacs B:** An *Aeinéid*, Leabhar 4.

As a deoin féin cuireann Díodó an locht ar Aeinéas faoi dheireadh leis na focail seo:
"A dhuine mhídhílis, ar cheap tú, i ndáiríre, go bhféadfá a leithéid d'olc a choimeád i bhfolach, agus imeacht go ciúin ó mo thír amach as amharc? Nach gcoimeádfaidh mo ghrá greim ort, nó an gealltanas a thug mé duit tráth, nó an gealltanas go bhfaighidh Díodó bás cruálach?"

**(a)** Cad é a nochtann Téacs A **agus** Téacs B faoin gcaidreamh idir Díodó agus Aeinéas? Bíodh samplaí agat as Téacs A **agus** as Téacs B mar thacaíocht le do fhreagra.

**(b)** An bhfuil Aeinéas freagrach as an méid a tharla do Dhíodó, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra bunaithe ar an staidéar atá déanta agat ar an Aeinéid.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun na **cúig** cheist a leanas faoi Dhíodó a chríochnú.

**(i)** Cá bhfuil cónaí ar Dhíodó?

an Chartaig ☐ an Róimh ☐ an Traí ☐

**(ii)** Cé hí Díodó?

cailín aimsire na banríona ☐ máthair na banríona ☐ banríon ☐

**(iii)** Cén bandia a thugann tacaíocht do Dhíodó?

Diana ☐ Iúnó ☐ Véineas ☐

**(iv)** Cé hí deirfiúr Dhíodó?

Lavinia ☐ Anna ☐ Creusa ☐

**(v)** Cén chaoi a bhfaigheann Díodó bás?

breith linbh ☐ báitear í ☐ féinmharú ☐

**Ceist 8** **(30 marc)**

Léigh an sliocht seo as *Óideanna* 1.11 le Horáit*:*

> Bí fírinneach, síothlaigh an fíon, agus gearr siar do dhóchas fada go tréimhse ghearr.
> Agus muid ag caint beidh an t-am éadmhar imithe cheana féin:
> Beir ar an lá, agus bíodh a laghad muiníne agus is féidir agat as an gcéad lá eile.

**(a)** Liostaigh **trí** phíosa comhairle a thugann Horáit sa sliocht seo.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(b)** Pléigh an phríomhtheachtaireacht(í) in óid nó eapóid **amháin eile** le Horáit.

| |
|---|
| Ainm na hóide / na heapóide: |
| An phríomhtheachtaireacht(í): |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Céard é príomhtheachtaireacht Shócraitéas in *Críotó* le Platón, i do thuairim? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9** **(30 marc)**

Léigh an sliocht seo as tús *Ré Alastair* le Plútarc:

> Toisc nach Startha atá á scríobh agam, ach Saolta; agus ní i gcónaí a bhíonn suáilce ná duáilce le sonrú sna gníomhartha is mó le rá. Is minic a nochtar níos mó den charachtar le rud beag amhail nath nó focal magaidh ná mar a nochtar i gcathanna ina gcailltear na mílte.

**(a)** I do fhocail féin, mínigh a bhfuil i gceist leis na línte tosaigh sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair cuntas gearr ar eachtra neamh-mhíleata i saol Iúil Caesar **nó** Alastair Mhóir.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Céard a d'fhoghlaim tú faoi Chaesar **nó** faoi Alastar ón eachtra a d'fhreagair tú faoi i gcuid **(b)**?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Scríobh ainm **gach** cineál téacs – Beathaisnéis, Eipic, Stair – taobh lena shainmhíniú thíos.

| | |
|---|---|
| | Insint ar imeachtaí ón am atá thart ar réigiún, tréimhse, duine ar leith, etc. |
| | Dán fada, dírithe ar laoch de ghnáth, á aithris i stíl ardéirime. |
| | Mionchuntas ar shaol duine. |

**Ceist 10** **(30 marc)**

Léigh an ráiteas thíos anseo:

Is é an teist ar fhear ná a ndéanann sé le cumhacht.

**(a)** Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do dhuine **amháin** de na fir seo ar do chúrsa.

Aeinéas; Odaiséas; Neoptolemus; Iasón; Créón

**(b)** Tabhair **dhá** shampla den chaoi ar úsáid Alastar Mór **agus** Iúil Caesar an chumhacht a bhí acu ar na daoine a bhí curtha faoina smacht acu.

Alastar 1:

Alastar 2:

| |
|---|
| Caesar 1: |
| |
| |
| |
| |
| Caesar 2: |
| |
| |
| |
| |

Cuirtear tús le Roinn B – Freagraí Fada – ar lch 16.


| Roinn B | Freagraí Fada | 100 marc |
|---|---|---|

**Ceist 11** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)** ar na leathanaigh seo a leanas.

**(a)** Roghnaigh Íomhá Y **nó** Íomhá Z.

**Íomhá Y: An Colasaem**




**(i)** Scríobh ainmneacha **ceithre** ghné ailtireachta ar bith in Íomhá Y.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

**NÓ**

**Íomhá Z: An Circus Maximus**



**(ii)** Scríobh ainmneacha **ceithre** ghné ailtireachta ar bith in Íomhá Z.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

**(b)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo.

**(i)** Pléigh eispéireas an lucht féachana sa Cholasaem **nó** sa Circus Maximus.
Féadann tú úsáid a bhaint as ceannteidil, amhail na cinn thíos.

- dearadh an fhoirgnimh; socruithe suíochán; cineálacha siamsaíochta.

**NÓ**

**(ii)** Pléigh an chaoi a dtugann foinsí scríofa léargas ar eispéireas an lucht féachana sa Cholasaem **nó** sa Circus Maximus. I do fhreagra déan tagairt do théacs **amháin ar a laghad** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**NÓ**

**(iii)** Conas atá foirmeacha nua-aimseartha siamsaíochta i gcomparáid le taispeántais mhórthaibhsithe sa tSean-Róimh? Féadann tú plé a dhéanamh ar shamplaí d'imeachtaí, an áit/na háiteanna a gcuirtear ar siúl iad, a dtábhacht, etc.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid:

Freagra do Cheist 11 (b), páirt

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid:

Freagair ceann **amháin** de na cúig cheist thíos anseo.

**Ceist 12** **(50 marc)**

Pléigh oibríocht mhíleata Alastair Mhóir **nó** Iúil Caesar le linn móreachtra mhíleata **amháin**. Bíodh cur síos agat ar na teaictící míleata i do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 13** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)**.

**(a)** Déan cur síos ar **dhá** fhreagracht a bhíodh ar mhná sna cleachtais adhlactha sa tSean-Ghréig **nó** sa Róimh.

**(b)** Mínigh an tábhacht a bhain le cleachtais adhlactha sa tSean-Ghréig **nó** sa Róimh.

**NÓ**

**Ceist 14** **(50 marc)**

Pléigh téama amháin **ar a laghad** in *Méidé* le hEoiripidéas **nó** in *Philoctetes* le Sofaicléas. Bíodh samplaí ón téacs agat mar thacaíocht le do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 15** **(50 marc)**

Cén chaoi a dtaispeánann Críotó a chúram dá chara Sócraitéas in *Críotó* le Platón? Pléigh **dhá** shampla **ar a laghad** ón téacs.

**NÓ**

**Ceist 16** **(50 marc)**

Céard atá le foghlaim againn ó mhiotais faoi na luachanna a bhí ag na Sean-Ghréagaigh **agus/nó** ag na Rómhánaigh? I do fhreagra pléigh **dhá** mhiotas ó aon Snáithe ar bith ar do chúrsa.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid:

Freagra do Cheist

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid:

Spás Freagartha sa Bhreis:

## Admhálacha:

### Téacsanna

Lch 10: Virgil (2002) *Aeneid.* Trans. A.S Kline. Poetry in Translation: https://www.poetryintranslation.com/PITBR/Latin/Virgilhome.php

Lch 12: Carpe Diem (2024). *'carpe diem, seize the day.'* Carpe Diem. 19.1.2017 https://www.carpediemjewellery.com/en-de/blogs/news/carpe-diem-seize-the-day-what-does-it-mean

Lch 13: Plutarch (1919) *The Parallel Lives*. Trans. B. Perrin. Loeb Classical Library, Vol. VII: https://penelope.uchicago.edu/Thayer/e/roman/texts/plutarch/lives/alexander*/3.html

Lch 14: Diogenes Laertius. (1925) *Lives of Eminent Philosophers, Volume I: Books 1-5.* Trans. R. D. Hicks. Loeb Classical Library 184. Cambridge, MA: Harvard University Press.

### Íomhánna

Lch 16: https://eclecticlight.co/2021/01/12/a-history-of-rome-in-paintings-22-the-colosseum/

Lch 17: https://imperiumromanum.pl/en/roman-art-and-culture/roman-architecture/roman-buildings/circus-maximus/

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Léann Clasaiceach

Dé Luain 24 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30